
**Fáilte go hArd-Mhúsaem na hÉireann – Saol na Tuaithe, áit a bhfuil gradaim buaite aige agus ina dtugtar cuireadh duit tú féin a thumadh i scéalta uathúla, oidhreacht shaibhir agus traidisiúin chultúrtha iontacha ár sinsear tuaithe. Osclaíodh an príomhghailearaí taispeántais don phobal sa bhliain 2001 mar áit ina gcoinnítear an bailiúchán náisiúnta míreanna a léiríonn an saol traidisiúnta in Éirinn.**

In aice na ngailearaithe taispeántais, fiosraigh Teach Pháirc Thurlaigh stairiúil. Is é teach dúchasach mhuintir Mhic Gearailt é. Tá Teach Pháirc Thurlaigh lonnaithe i limistéar álainn óna bhfuil radharc amach ar 39 n-acra atá comhdhéanta de ghairdíní Victeoiriacha, fearann páirce, coillearnach agus loch saorga.









## Cad atá ar Siúl

Bíonn clár taispeántas sealadach, gníomhaíochtaí agus imeachtaí saor in aisce ag an músaem fud fad na bliana. Brabhsáil ár n-imeachtaí atá le teacht agus ár dtaispeántais shealadacha ag www.museum.ie.

## Grúpaí agus turais

Is saor in aisce atá cead isteach sna gailearaithe taispeántais agus i dTeach Pháirc Thurlaigh. Fáiltítear roimh ghrúpaí ach teagmháil a dhéanamh leis an Oifig Áirithintí. Ní mór turais threoraithe le treoraí músaeim ag a bhfuil taithí a chur in áirithe roimh ré agus cosnaíonn siad Ð40. Tairgeann an músaem clár iomlán ceardlann, turas agus gníomhaíochtaí do scoileanna agus do choláistí. Chun tuilleadh faisnéise a fháil, cuir glao ar an bhFoireann Oideachais ar +353 94 903 1751 nó seol ríomhphost chuig educationtph@museum.ie.

## Siopa agus Caifé an Mhúsaeim

Tá raon leathan míreanna ceardaíochta, bronntanas agus leabhar uathúil Éireannach ar fáil lena gceannach i Siopa an Mhúsaeim. I gCaifé an Mhúsaeim, atá lonnaithe sa chlós, tairgtear sneaiceanna, roghanna lóin, sainchineálacha tae agus caifé, bianna milse baile agus roghchláir speisialta do leanaí.

## Gníomhaíochtaí do leanaí

Tá neart gníomhaíochtaí ann atá dírithe ar theaghlaigh agus ar leanaí. Téigh sa tóir ar Pheadar, an Dallóg Fraoigh, tabhair faoi Dhúshlán an Riain Ainmhithe, cuir ort éadaí ó na 1800í, nó bain taitneamh as roinnt cluichí traidisiúnta sna gairdíní. Iarr ar an bhFoireann Fáiltithe tuilleadh sonraí a thabhairt.

## An Leabhar Cuimhní

Tugann an Músaem cuireadh duit do chuid scéalta agus cuimhní ar shaol na tuaithe in Éirinn a chomhroinnt linn. Taifead do chuimhní i gCúinne an Leabhair Chuimhní ar Leibhéal C i ngailearaithe an Mhúsaeim nó íoslódáil leathán cuimhní ó www.museum.ie.


## Saoráidí Taighde

Tá Cartlann agus Leabharlann Fheirmeoirí Aontaithe na hÉireann lonnaithe i dTeach Pháirc Thurlaigh. Is ionad é le haghaidh staidéar agus taighde a dhéanamh ar shaol na tuaithe. Le haghaidh áirithintí, cuir glao ar an músaem ar 094 90 31755 nó seol ríomhphost chuig tpark@museum.ie

## Ionaid a fháil ar cíos

Tairgeann an músaem spásanna éagsúla le haghaidh cruinnithe, imeachtaí príobháideacha agus seoltaí. Féach www.museum.ie chun tuilleadh faisnéise a fháil.










1 **An Teach Gloine**
Tógadh an teach gloine bunaidh thart ar an mbliain 1874 ach leagadh le stoirm fhoréigneach é sna 1930í. Atógadh an déanmhas reatha sa bhliain 2000 agus coinnítear raon leathan plandaí teach téacháin ann.

2 **An Teachín Tuí Samhla**
Tógadh an 'teach' tuí in-bhithmhillte seo chun na hábhair éagsúla a mbaintí úsáid astu chun tithe a thógáil ar fud na hÉireann a thaispeáint.


3 **An Crann is Sine**
Tá an crann feá seo ar an gcrann is sine i bPáirc Thurlaigh agus deonaíodh 'Stádas Ársa' speisialta dó. Tá sé lonnaithe in aice na nGailearaithe.

4 **An Glasbhealach**
Tá ceantar síochánta tuaithe agus coillearnaí ann feadh an Ghlasbhealaigh 7 km ar fad idir Turlach agus Caisleán an Bharraigh.

5 **Fothrach ón 18ú hAois**
Go díreach tar éis duit dul isteach sa phríomhbhealach isteach, feicfidh tú fothrach bhunteach cónaithe mhuintir Mhic Gearailt, a tógadh sa bhliain 1722.

6 **An Cloigtheach**
Tá an túr 11ú haois seo lonnaithe ar an reilig taobh cnoic óna bhfuil radharc amach ar Ard-Mhúsaem na hÉireann.

# Plean urláir
# Gaeilge



museum
National Museum of Ireland
*Ard-Mhúsaem na hÉireann*
Country Life

museum
National Museum of Ireland
*Ard-Mhúsaem na hÉireann*
Country Life






# Treoir um Plean Urláir an Mhúsaeim

## LEIBHÉAL A

**❶ Tús eolais**
Cad is saol na tuaithe ann? Tús eolais ar Bhailiúchán Náisiúnta Shaol na Tuaithe.

**❷ Éadaí Traidisiúnta**
Féach ar na héadaí traidisiúnta a chaitheadh na daoine a chónaíodh ar Oileáin Árann, lena n-áirítear baill éadaigh olla de dhéantús baile, geansaithe cniotáilte, caipíní agus bróga traidisiúnta bósheithe ar a dtugtar pampooties.

**❸ An Rómáns agus an Fíorshaol**
Uaireanta, féachaimid ar an am atá thart ar bhealach simplí rómánsach. Is é fírinne an scéil, áfach, gur shaol saothair chrua a bhíodh ann, ar lena linn a bhíodh galar le sonrú go forleathan, a bhíodh drochréim bia ag daoine agus a bhíodh marthanas ag brath go mór ar mhioneolas a bheith ag an duine ar an tírdhreach.

## LEIBHÉAL B


**❹ Dul ag Rothaíocht ar fud na Tíre**
Faoi na 1930í, bhí rothair ar an bpríomhchóir iompair in Éirinn. Sa taispeántas seo, léirítear stair agus forbairt an rothair agus tugtar roinnt cuimhní ar dhul ag rothaíocht ar fud na tíre.

**❺ Na hAmanna**
San aois idir an bhliain 1850 agus an bhliain 1950, a bheag nó a mhór, ghlac na daoine i gceantar tuaithe na hÉireann páirt i mórghluaiseachtaí polaitíochta agus chonaic siad bunathruithe sóisialta. Sa limistéar seo, cuirtear comhthéacs stairiúil leis an ré sin.

**❻ An Timpeallacht Nádúrtha**
Bhíodh an-tionchar ag an tírdhreach agus ag acmhainní nádúrtha an tírdhreacha ar an saol i gceantar tuaithe na hÉireann. Bhaineadh daoine úsáid as ábhair áitiúla chun míreanna gnáthshaoil a dhéanamh. Mar thoradh air sin, ba mhinic a dhéanadh míreanna comhchosúla d'ábhair dhifriúla, ag brath ar na hacmhainní a bhí ar fáil sa cheantar áitiúil.

**❼ Tuí, Féar Tirim agus Luachair**
Fiosraigh seiftiúlacht agus scileanna ceardaíochta na gcónaitheoirí tuaithe, a bhaineadh úsáid as ábhair nádúrtha chun míreanna gnáthshaoil a dhéanamh de bharr an ghanntanais airgid a bhíodh ann. Ar na míreanna atá ar taispeáint tá ciseáin, mataí, cathaoireacha agus diallait marcaíochta airnéis capaill iomlán.






## LEIBHÉAL C

**❽ Ceirdeanna agus Ceardaíocht**
Féach ar na huirlisí lámhdhéanta a ndéanadh gabha dubh, deileadóir adhmaid nó siúinéir na háite iad ach ábhair áitiúla a úsáid. D'fhágtaí ceirdeanna mar oidhreacht ó ghlúin go glúin go minic.

**❾ Scoil**
Cé go mbíodh daoine ar an ngannchuid, thugtaí aitheantas do thábhacht an oideachais chun go mbeadh daoine in ann uimhreacha a shuimiú agus a dhealú chun a chinntiú nach n-imreofaí calaois orthu ag an aonach. Is féidir leat tú féin a thumadh i gceachtanna scoile an ama atá thart anseo.

**❿ Deasghnátha na Bliana**
Fiosraigh conas a bhaineadh pobail Éireannacha thraidisiúnta agus tuaithe úsáid as ceardaíocht agus cleachtais thraidisiúnta chun féilte séasúracha a cheiliúradh. Bhíodh an-chuid de na deasghnátha féile traidisiúnta bunaithe ar an teaghlach agus an teach feirme a chosaint ar nithe diabhalta an tsaoil eile.

**⓫ An Teallach agus an Teach**
Fiosraigh an saol i dteach Éireannach traidisiúnta agus tum tú féin i scéalta an teaghlaigh agus na heisimirce. Feicfidh tú tábhacht an teallaigh sa teach, rud lena dtugtaí solas agus teas do gach duine sa teach agus a bhíodh ar an bpríomhháit cócaireachta, ceardaíochta agus siamsaíochta.

**⓬ Teicstílí**
Amharc ar na héadaí a chaitheadh muintir na tuaithe. Ba mhinic a dhéantaí na héadaí sin d'ábhair bhuanfasacha amhail olann agus línéadach. B'annamh a d'fheictí éadaí nua, bíodh siad déanta nó ceannaithe.

**⓭ Talamh agus Uisce**
Féach conas a d'oibríodh an feirmeoir Éireannach traidisiúnta de réir na séasúr chun bia a fhás agus a bhailiú. Foghlaim faoi na modhanna iascaireachta agus na báid a d'úsáideadh na daoine sin a théadh ar muir, ar an abhainn agus ar an loch ar son bia.

## LEIBHÉAL D

**Spás Taispeántais Shealadaigh**
Chun tuilleadh faisnéise a fháil faoi thaispeántais reatha agus faoi thaispeántais atá le teacht, féach www.museum.ie/countrylife

